ACMHAINN 9

Athlua faoin tsíocháin ó Baruch Spinoza

‘Ó ní hionann síocháin agus easpa cogaíochta,(...)’

Foinse: Baruch Spinoza, Tractatus Politicus, 1667, aistrithe ag A. H. Gosset, 1883.
B’fhealsamh sa 17ú haois é Baruch Spinoza ón Ísitír a raibh cúlra Safáratach Portaingéalach aige

Siombailí Síochána

Sna 1950í dearadh ‘comhartha na síochána’, mar a thugtar inniu air, mar lógó don Fheachtas um Dhí-armáil Núicléach sa Bhreatain agus ghlac gníomhaígh frithchogaidh chucu é sna Stáit Aontaithe agus in áiteanna eile.

Foinse: Wikipedia

Téann úsáid an cholúir agus na craoibhe olóige mar shiombailí den tsíocháin siar go dtí aimsir na Luath-Chríostaithe, a thóg siombail an cholúir agus na craoibhe olóige ó dhá fhoinse: Smaointeoireacht na nGréagach, lena n-áirítear úsáid na craoibhe olóige mar shiombail (mar cheann de dhea-thréithe Eirene, bandia na síochána), chomh maith le scéal Naoi agus an Díle. De réir a chéile iompaíodh isteach ina siombail don tsíocháin í, a bhuí le Pablo Picasso i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda.

Foinse: Láithreán Gréasáin an Aontais Eorpaigh © European Union, 2012 / Source: European Commission Audiovisual Service, European Parliament / Photo: Eve Van Soens



Úsáideann Frithbheartóirí Cogaidh Idirnáisiúnta (WRI) agus a chleamhnaithe siombail an raidhfil bhriste, ach téann sé siar níos faide ná an tráth a bunaíodh WRI i 1921.

Foinse: Wikipedia

I 1933, le linn tréimhse ina raibh scanradh ar dhaoine go dtarlódh cogadh san Eoraip, chuir an Comhar-Ghild na mBan tús leis an gcleachtas poipíní bána a thabhairt amach mar mhalairt ar na poipíní dearga a bhíodh á dtabhairt amach ag an Léigiún Ríoga Briotanach i gcuimhne ar dhaoine de na fórsaí armtha a fuair bás sa Chéad Chogadh Domhanda.

Foinse: The Peace Museum, An Ríocht Aontaithe © 2015 The Peace Museum UK, all rights reserved